Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

# COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA nGALL

## AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 ARNA LEASÚ

## RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2001 ARNA LEASÚ

## FÓGRA DE BHUN:

Alt 175 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, agus chun críocha Chuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú.

Tugann Comhairle Contae Dhún na nGall fógra go bhfuil sé beartaithe acu iarratas a dhéanamh ag lorg cead ón Choimisiún Pleanála don fhorbairt bheartaithe seo a leanas:

**OIBREACHA COSANTA TUILTE I mBUN NA hABHANN**

Mar chuid den fhorbairt bheartaithe, beidh oibreacha cosanta tuilte le taobh agus cóngarach d'Abhainn Bhun na nAbhann i mbailte fearainn Leibhéal na hInse (Toghroinn Fhathna), Leibhéal na hInse (Cuid de) Spíonóg, Baile idir Dhá Abhainn, Monreagh or Barr of Kilmackilvenny agus Carraig na Seanach, i limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún na nGall.

**Beidh na nithe seo a leanas mar chuid de na hoibreacha cosanta tuilte atá beartaithe:**

1. Cosaintí crua le taobh/cóngarach d'Abhainn Bhun na hAbhann le meánairde cosanta de 1.1m os cionn leibhéal na talún:
   a. Balla coincréite ath-threisithe 35m le dúshraitheanna chun freastal ar thuilte de bharr athrú aeráide amach anseo
   b. Carn de bhallaí 395m agus
   c. 630m de chlaífort
2. 315m de chlaífort, a cheanglaíonn le lánaí ardaithe, timpeall ar thrí mhaoin ó dheas den sráidbhaile in aice le Bóthar Slab (R239) le meánairde de 0.79m.
3. 120m de chlaífort le meánairde de 0.8m timpeall na n-oibreacha cóireála séarachais atá ann cheana féin siar ó Pháirc an Ghrianáin.
4. Droichead nua aonréise a chur in áit an droichead ar an R238 agus leagan amach an bhóthair a leasú chun ceangal leis na bóithre atá ann cheana féin, deartha de réir chaighdeán DMURS.
5. 38m de bhallaí coincréite ath-threisithe le dúshraitheanna chun freastal ar thuilte de bharr athrú aeráide amach anseo ar Shruthán Charraig na Seanach, le bothán ionaid chun freastal ar an obair thógála.
6. Uasghrádú ar an tóchar íochtarach ar Shruthán Charraig na Seanach go tóchar bosca (airde 1.2m x leithead 2.4m), atá tomhaiste do shreabhadh tuilte de bharr athrú aeráide amach anseo, faoi Bhóthar Brae ag síneadh thar an chlaífort atá beartaithe, le struchtúir cheannbhalla nua agus scáileáin smionagair de réir mar is gá.
7. Uasghrádú ar an tóchar uachtarach (tóchar bosca 1.2m ar airde x 2.4m ar leithead), ar Shruthán Charraig na Seanach, atá tomhaiste do shreabhadh tuilte de bharr athrú aeráide amach anseo. Struchtúir cheannbhalla nua agus scáileáin smionagair san áireamh de réir mar is gá.
8. Bearta uisce dromchla (athphróifíliú bóthair / droim a chur i mbóthar, silteáin sa bhreis agus clais reatha chun a ligean isteach sa sruthchúrsa uisce) ag:
   a. R239/Mainéar Fairview
   b. L1881 Bóthar Brae / Páirc Monreagh.
9. Go mbainfear an chéad 183m de chlaífort Scéim Draenála Artaireach Bhun na hAbhann/na Sceitheoige, le sruth ó Bhun na hAbhann, chun stóráil ghearrthéarmach a sholáthar ar bhonn timtriallach chun leibhéil tuilte i lár an bhaile a laghdú tríd an tuilemhá atá ann cheana féin a athcheangal.
10. Go mbainfear 345m de chlaífort ón bhruach ar dheis ag Abhainn na Sceitheoige chomh maith le leasuithe draenála áitiúla de réir mar is gá, chun an tuilemhá atá ann cheana féin a athcheangal.
11. Go mbainfear 145m de chlaífort ón bhruach ar dheis ag Abhainn Bhun na hAbhann 168m in aghaidh srutha de dhroichead an R238.
12. Déanfar tírdhreachú ar thalamh atá ann cheana féin ar bhruach Abhainn Bhun na hAbhann in aghaidh srutha de dhroichead an R238, chun an tuilemhá atá ann a thógáil agus a chosaint taobh istigh den chreatlach lonnaíochta.
13. Talamh a ghlacadh ar mhaithe le hoibriú agus cothabháil na gclaífort tuilte amach anseo a éascú, lena n-áirítear claífort a líonadh suas agus/nó rochtain ar mhaithe leis an rud céanna a dhéanamh chomh maith le cothabháil ghinearálta e.g. gearradh féir agus deisiúcháin ad hoc de réir mar a bhíonn sé de dhíth. Beidh rochtain de dhíth chun an obair seo a chríochnú ar an taobh cosanta de na claífort atá ar thalamh tairbhiúil, ag an chlaífort ar an bhruach ar chlé díreach in aghaidh srutha den droichead agus ag an chlaífort ar an bhruach ar dheis le sruth den droichead.

Tá Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (TMTT) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) ullmhaithe don fhorbairt bheartaithe.

Is féidir an doiciméad iarratais, lena n-áirítear an TMTT agus an RTN, a iniúchadh saor in aisce nó a cheannach ar tháille shonraithe (nach rachaidh thar an chostas réasúnta atá le cóip a dhéanamh) le linn uaireanta oscailte poiblí ar feadh tréimhse seacht seachtaine dar tús **5 Meitheamh 2026** ag na háiteanna seo a leanas:

1. Oifigí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Áras an Chontae, Leifear, Co. Dhún na nGall & Ionad Seirbhísí Poiblí Charn Domhnach, Bóthar Mhálanna, Carn Domhnach, Co. Dhún na nGall idir 9.00 am agus 4.00 pm laethanta oibre ó **5 Meitheamh 2026 go 24 Iúil 2026** (san áireamh).
2. Oifigí an Choimisiúin Phleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 idir 9.15 am agus 5.30 pm laethanta oibre ó **5 Meitheamh 2026 go 24 Iúil 2026** (san áireamh).
3. Is féidir cóip leictreonach de na pleananna agus na sonraí, an RTN agus an TMTT a fheiceáil agus a íoslódáil ón suíomh gréasáin seo a leanas:
   https://countydonegalfrs.ie/burnfootfrs/.

Ní féidir aighneachtaí ná tuairimí a dhéanamh ach chuig an Choimisiún Pleanála ("An Coimisiún") ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 maidir leis na nithe seo a leanas:

i. Impleachtaí na forbartha beartaithe ó thaobh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe sa limistéar lena mbaineann;
ii. Na héifeachtaí a bheidh ag an fhorbairt bheartaithe ar an timpeallacht is dócha; agus
iii. Na héifeachtaí suntasacha a bheidh ag an fhorbairt bheartaithe ar shuíomh Eorpach is dócha, má dhéantar í.

Ní mór táille €50 a bheith ag gabháil le haighneachtaí nó tuairimí (seachas i gcás comhlachtaí ceaptha áirithe) agus ní mór don Choimisiún iad a fháil roimh 5.30 i.n. ar an 24 Iúil 2026. Is féidir aighneachtaí nó tuairimí den sórt a dhéanamh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Phleanála http://www.pleanala.ie/en-ie/observations agus ní mór an t-eolas seo a leanas a bheith curtha leo freisin:

a. ainm an duine, an údaráis nó an chomhlachta atá i mbun na haighneachta nó tuairime, ainm an duine, más ann dó, atá ag gníomhú thar ceann an duine, an údaráis nó an chomhlachta sin, agus an seoladh ar cheart aon chomhfhreagras a bhaineann leis an iarratas a sheoladh chuige:
b. ábhar na haighneachta nó na tuairime: agus
c. na cúiseanna, na ceisteanna agus na hargóintí ar a bhfuil an aighneacht nó an tuairim bunaithe.

D'fhéadfadh an Coimisiún cead a thabhairt don iarratas ar fhorbairt le coinníollacha nó gan choinníollacha, nó d'fhéadfaí an t-iarratas ar fhorbairt a dhiúltú.

D'fhéadfadh duine bailíocht an chinnidh ón Choimisiún a cheistiú trí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na hUaschúirte (I.R. Uimh. 15 de 1986, arna leasú) de réir Alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

Is féidir rochtain a fháil ar fhaisnéis phraiticiúil faoin chóras athbhreithnithe faoin cheannteideal 'Fógraí Dlíthiúla – Fógra faoi Athbhreithniú Breithiúnach' ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin (www.Pleanala.ie) nó ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh (www.citizensinformation.ie).

Ba chóir aon fhiosrúchán a bhaineann leis an phróiseas iarratais a chur chuig an Roinn Bonneagair Straitéisigh den Choimisiún Pleanála (Teil: 01 858 8100)

Tá Ordú Ceannaigh Éigeantaigh, lena mbaineann an fhorbairt atá beartaithe, déanfar Comhairle Contae Dhún na nGall agus cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála é faoi chlúdach ar leith.

**Dáta a chuirfear an fógra láithreáin in airde:**
**2 Meitheamh 2026.**

**Sínithe:**

**Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Dhún na nGall.**

Irish Independent 28x6 (255)
Inishowen Independent 28x8 (265)
AC